2026/2600

24.11.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2600 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 12 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1143 ([1]) maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i Mósaimbíc (EUTM Mhósaimbíc). Athainmníodh EUTM Mhósaimbíc mar Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc) trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2024/1354 ón gComhairle ([2]).

(2) An 25 Feabhra 2026 i gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh ar EUMAM Mhósaimbíc, mhol an Coiste Polaitiúil agus Slándála go gcuirfí síneadh 6 mhí le sainordú EUMAM Mhósaimbíc go dtí an 31 Nollaig 2026 agus d'iarr sé ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí Measúnú Straitéiseach a thíolacadh i mí Mheán Fómhair 2026.

(3) An 12 Bealtaine 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/1084 ([3]) lena gcuirtear síneadh le sainordú EUMAM Mhósaimbíc go dtí an 31 Nollaig 2026.

(4) An 29 Meán Fómhair 2026 i gcomhthéacs an Mheasúnaithe ar EUMAM Mhósaimbíc, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála síneadh a chur le EUMAM Mhósaimbíc go dtí an 31 Nollaig 2028.

(5) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1143 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (CBES) 2021/1143 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

'2. Is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUMAM Mhósaimbíc tacú le Fórsaí Armtha Mhósaimbíc ina n-iarrachtaí acmhainneacht uathrialach inbhuanaithe a fhorbairt chun oibríochtaí in Cabo Delgado a phleanáil, a sheoladh, a chothú agus a chomhordú, go háirithe trí acmhainneachtaí feabhsaithe ceannais agus rialaithe, cothaithe fórsa agus tacaíochta oibríochtúla, lena n-áirítear comhtháthú an Dlí Dhaonnúil Idirnáisiúnta, an Dlí Idirnáisiúnta um Chearta an Duine agus cosaint sibhialtach i bpróiseas pleanála agus seolta Fhórsaí Armtha Mhósaimbíc, d'fhonn rannchuidiú le timpeallacht níos sábháilte agus níos sláine do mhuintir Cabo Delgado.';

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1143 ón gComhairle an 12 Iúil 2021 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc) (IO L 247, 13.7.2021, lch. 93, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1143/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1354 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le Misean Cúnaimh Mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh i Mósaimbíc (EUMAM Mhósaimbíc) (IO L, 2024/1354, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1354/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2026/1084 ón gComhairle an 12 Bealtaine 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1143 maidir le misean an Aontais Eorpaigh le haghaidh cúnaimh mhíleata i Mósaimbíc (EUMAM Mozambique) (IO L, 2026/1084, 13.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/1084/oj).

(b) cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Chuige sin, beidh na cúraimí seo a leanas ar EUMAM Mhósaimbíc:

(a) tacú le Fórsaí Armtha Mhósaimbíc ina n-iarrachtaí chun lárionaid ceannais agus rialaithe straitéiseacha (Lárionad Oibríochtaí Comhpháirteacha) agus oibríochtúla (Lárionad Oibríochtaí Oirbheartaíochta) éifeachtacha a bhunú chun a ngníomhaíochtaí oibríochtúla a phleanáil agus a dhéanamh in Cabo Delgado;

(b) tacú le Fórsaí Armtha Mhósaimbíc Córas Ullmhachta agus Deimhniúcháin a bhFórsaí a chur ar bun;

(c) tacú le Fórsaí Armtha Mhósaimbíc plean bliantúil a bhunú chun a bhFórsa Mearfhreagartha faoi seach a athghiniúint agus oiliúint a chur orthu, agus le haghaidh iarrataí na bhFoirne Oiliúna Soghluaiste;

(d) oiliúint, meantóireacht agus tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil d’Fhórsaí Armtha Mhósaimbíc, agus béim ar leith á leagan ar cheannas agus ar rialú, ullmhacht agus deimhniú na bhfórsaí, pleanáil athghiniúna agus oiliúna, lóistíocht, cothabháil, timthriall oibríochtúil, cumarsáid, faisnéis, comhar sibhialta-míleata, ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, cosaint sibhialtach agus comhionannas inscne.’;

(c) scriostar míreanna 3a, 3b agus 3c;

(2) in Airteagal 10, cuirtear an mír seo a leanas leis:

‘5. EUR 17 170 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chostais choiteanna EUMAM Mhósaimbíc don tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2028. Is é a bheidh sa chéatadán den mhéid tagartha sin dá dtagraítear in Airteagal 51(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509 0 % le haghaidh gealltanas agus 0 % le haghaidh íocaíochtaí.’;

(3) in Airteagal 13, cuirtear an méid a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tiocfaidh deireadh le EUMAM Mhósaimbíc an 31 Nollaig 2028.’.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Samhain 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON